# Cruinnithe Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

## Ag Plé Obair Scoláirí

Iarrann **an tÉascaitheoir** ar bhall amháin foirne sampla a chur i láthair d'obair a mheas siad **Nár chomhlíon na hionchais go fóill**

---

An **Múinteoir** atá ag cur an phíosa i láthair déanann sé cur síos achomair ar an sampla oibre agus cuireann an t-éascaitheoir tús le plé ginearálta ar an méid atá obair an scoláire ag teacht leis na **Gnéithe Cáilíochta** cuí. Sa phlé sin, beidh ionchur ó gach ball den fhoireann agus beidh sé **bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta**. Agus breithiúnais á ndearbhú le linn an chruinnithe AFMÁ, ba chóir gur ar an gcur chuige **'is fearr a oireann'** a chuirfí an bhéim chun deis a thabhairt do mhúinteoirí a aontú cé acu Tuairiscín is oiriúnaí **'ar an iomlán'** maidir leis an obair atáthar a phlé.

---

Ba chóir go mbeadh an **tÉascaitheoir** ag iarraidh ar pháirtithe **teacht ar chomhaontú** le linn an phlé ar shamplaí ach is ceart an bhéim a chur ar **eolas gairmiúil agus scileanna múinteoirí a fhorbairt** seachas ar gach duine a bheith d'aon ghuth faoi gach Gné Cáilíochta i ngach sampla. Moltar go mór do mhúinteoirí sa Roinn Ábhair an cruinniú AFMÁ a úsáid chun comhoibriú a fhorbairt agus chun díriú ar theagasc, ar mheasúnú agus ar fhoghlaim.

---

Nuair a bhíonn **comhaontú** ann agus nuair a dhearbhaíonn an cruinniú an measúnú sealadach, **breacann an t-éascaitheoir é sin síos i dTuairisc an Chruinnithe**.

Sa chás **nach n-aontaítear**, is ceart don éascaitheoir **tagairt a dhéanamh do shamplaí anótáilte d'obair scoláirí a chuir an CNCM ar fáil** agus, más féidir é, sampla eile d'obair scoláirí a ndearna múinteoirí eile sa ghrúpa measúnú air agus ar bronnadh an tuairiscín sin air.

---

Cé gur chóir tréimhse réasúnta ama a chaitheamh ar an bplé, **ba chóir don Éascaitheoir a bhreithiúnas gairmiúil féin a úsáid chun cinneadh dul ar aghaidh chuig an gcéad sampla eile.**
Ba chóir don Éascaitheoir plé comhoibríoch a spreagadh agus cabhrú le trácht ar theagasc, ar mheasúnú agus ar fhoghlaim. Seans gurbh fhiú píosa oibre a chur 'ar an méar fhada' má chuidíonn sé sin leis an bplé a chur chun cinn. Más féidir é, ba chóir go ndéanfaí plé ar dhá shampla ar a laghad i gcomhair gach tuairiscín agus ba chóir don éascaitheoir a chinntiú go ndéantar plé ar shampla amháin ar a laghad ó gach múinteoir le linn an chruinnithe.

---

Déantar an próiseas seo arís, ar a sheal, agus na samplaí a mheastar faoi **Ag teacht leis na hionchais, Os cionn na n-ionchas** agus **Thar barr ar fad** a bheith á bplé agus á roinnt sa ghrúpa.

---

Ag deireadh an chruinnithe, déanann an t-éascaitheoir achoimre ar na príomhphointí a d'eascair as an bplé. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh **gach múinteoir nóta d'impleachtaí na gcinntí a rinneadh le linn an chruinnithe** don chuid eile d'obair an scoláire a rinne siad a mheas cheana, go háirithe i gcás tuairiscíní nach raibh a mbreithiúnas féin ag teacht leis an tuairim a bhí ag bunús na múinteoirí ag an gcruinniú. Ba chóir go mbreacfadh na múinteoirí síos nóta den **aiseolas a chabhródh le foghlaim scoláirí** amach anseo.

https://ncca.ie/ga/an-tsraith-sh%C3%B3isearach/meas%C3%BAn%C3%BA-agus-tuairisci%C3%BA/cruinnithe-afm%C3%A1/


CC BY NC